Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 1 Deireadh Fómhair 2025 (OR. en)**

**13236/25**

**SOC 624**
**GENDER 176**
**ANTIDISCRIM 85**
**FREMP 250**
**JAI 1314**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | An fuath, an t-idirdhealú agus an foréigean in aghaidh daoine LADTIA a chomhrac<br>- *Seisiún tuairimíochta* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an nóta stiúrtha ón Uachtaránacht maidir leis an ábhar thuasluaite, ag féachaint don seisiún tuairimíochta a thionólfar sa Chomhairle (EPSCO) an 17 Deireadh Fómhair 2025.

**An fuath, an t-idirdhealú agus an foréigean in aghaidh daoine LADTIA a chomhrac**

**Réamhrá**

Tá idirdhealú á dhéanamh i gcónaí ar dhaoine leispiacha, aeracha, déghnéasacha, trasinscneacha, idirghnéasacha agus aiteacha agus ar dhaoine eile ar de mhionlaigh ghnéis agus inscne iad (LADTIA) fud fad an Aontais, agus táthar á gciapadh i gcónaí, in ainneoin na gcreataí reachtacha atá i bhfeidhm, in ainneoin feasacht pholaitiúil fheabhsaithe agus in ainneoin an iomaí tionscnamh atá ceaptha an chóir chomhionann a chur chun cinn sa réimse sin. Leis an dúshlán síoraí sin, baintear de chur chun feidhme éifeachtach na gceart bunúsach agus phrionsabail an neamh-idirdhealaithe agus baintear freisin de rannpháirtíocht chomhionann an uile dhuine sa saol sóisialta agus eacnamaíoch.

Léiríonn staidéir gur indéanta dul chun cinn fóinteach a dhéanamh ach an tiomantas polaitiúil agus an fheasacht pholaitiúil a bheith ann chuige. Ó 2019 i leith, tá líon na ndaoine LADTIA atá ag maireachtáil go hoscailte, gan a ngnéaschlaonadh a cheilt, dulta i méid san Aontas. Mar shampla, deir daoine LADTIA go mbraitheann siad níos sábháilte anois agus greim láimhe acu ar a bpáirtí os comhair an tsaoil ná mar a dhéanaidís cheana agus measann siad freisin gur fearr anois a láimhseáiltear saincheisteanna LADTIA sna scoileanna ná mar a dhéantaí roimhe seo[1].

Cé gur dul chun cinn maith atá sa mhéid sin, is cúis mhór imní i gcónaí é an scéal iomlán maidir le folláine daoine LADTIA. De réir an tríú leagan de Shuirbhé an Aontais maidir le LADTIA, suirbhé a rinne Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA), tá méadú suntasach tagtha ar an bhforéigean fuatha, ar an mbulaíocht agus ar an idirdhealú, agus daoine trasinscneacha agus idirghnéasacha thíos leis go díréireach[2].

San Aontas, feicimid fós eachtraí frith-LADTIA, ina measc ionsaithe ó bhéal, foréigean fisiciúil, fuathchaint, agus imeaglú homafóbach ag tionóil shíochánta i spásanna poiblí atá in ainm is a bheith sábháilte, lena n-áirítear tionóil a bhaineann le himeachtaí poiblí agus léirsithe poiblí[3].

[1] Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha. (2024). *LGBTIQ Equality at a Crossroads: Progress and Challenges*. [LADTIA - Uair na cinniúna don Chomhionannas: Dul chun cinn agus Dúshláin.] Vín: FRA.

[2] Ibid.; Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (2025). *Being intersex in the EU*. [I d'idirghnéasach san Aontas.] Vín: FRA.

[3] *LGBTIQ Equality at a Crossroads: Progress and Challenges*. [LADTIA - Uair na cinniúna don Chomhionannas: Dul chun cinn agus Dúshláin.]

Thairis sin, thuairiscigh breis is aon trian de dhaoine LADTIA go ndearnadh idirdhealú orthu i mbunréimsí mar shampla i réimsí na fostaíochta agus na tithíochta, agus i gcás rochtain ar sheirbhísí eile atá ar fáil don phobal[4]. Ina ainneoin sin, is beag cás fós a thuairiscítear do chomhlachtaí comhionannais, rud a léiríonn go bhfuil bacainní ann i gcónaí maidir leis an gceartas agus maidir le sásamh a fháil[5].

Is bagairtí tromchúiseacha ar shábháilteacht agus ar chearta bunúsacha daoine LADTIA iad an t-idirdhealú leanúnach agus an méadú ar an gciapadh agus ar an bhforéigean.

Tá iarmhairtí tromchúiseacha forleathana ag an bhforéigean agus ag an idirdhealú; le trí bliana anuas, chuimhnigh breis is aon trian de dhaoine LADTIA ar lámh a chur ina mbás féin, agus tá daoine óga, trasinscneacha, neamhdhénártha agus daoine atá athraitheach i dtaobh inscne níos mó i mbaol lámh a chur ina mbás féin ná mar atá an chuid eile den daonra[6]. In 2023, dúirt 67 % de dhaoine LADTIA gur fhulaing siad bulaíocht, bagairtí agus maslaí i ngeall ar a ngnéaschlaonadh nó ar a bhféiniúlacht[7].

**Na prionsabail atá idir chamáin**

Cumhdaítear sna Conarthaí agus i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (‘an Chairt’) prionsabail an chomhionannais agus an neamh-idirdhealaithe.

Le hAirteagal 21 den Chairt, toirmisctear go sainráite aon idirdhealú ar raon leathan foras, lena n-áirítear gnéas agus gnéaschlaonadh: *‘Toirmiscfear aon idirdhealú atá bunaithe ar aon fhoras amhail gnéas, cine, dath, tionscnamh eitneach nó sóisialta, airíonna géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairim pholaitiúil nó eile, ballraíocht i mionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois nó treoshuíomh gnéasach.’*

Foráiltear le hAirteagail 8 agus 10 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh go mbeidh sé d’aidhm ag an Aontas, ina ghníomhaíochtaí uile, neamhionannais a dhíchur agus an t-idirdhealú ar fhorais éagsúla a chomhrac, lena n-áirítear i dtaca le hinscne agus treoshuíomh gnéasach, agus é i mbun a bheartais agus a ghníomhaíochtaí a shainiú agus a chur chun feidhme, agus tugtar de chumhacht don Chomhairle le hAirteagal 19 CFAE gníomhaíocht a ghlacadh chun idirdhealú ar na forais sin a chomhrac.

[4] Ibid.
[5] Ibid.
[6] Ibid.
[7] Ibid.

**Uain chinniúnach**

In 2020, ghlac an Coimisiún Eorpach Straitéis um Chomhionannas LADTIA 2020-2025, an chéad straitéis dá leithéid ina bhfuil sraith beart spriocdhírithe d'fhonn comhionannas LADTIA a fheabhsú, mar a ndéantar comhionannas LADTIA a chomhtháthú i mbeartais, i reachtaíocht agus i gcláir chistiúcháin uile an Aontais. Cuidíonn an Straitéis freisin leis an tionchar atá ag daoine LADTIA a mhéadú agus le Ballstáit agus páirtithe leasmhara a thabhairt le chéile chun aghaidh a thabhairt, ar bhealach éifeachtach, ar chomhionannas LADTIA.

Is uain chinniúnach í 2025 maidir le cearta LADTIA a chur chun cinn san Aontas. Tá Straitéis nua um Chomhionannas LADTIA 2026-2030 á seoladh ag an gCoimisiún Eorpach lena leagfar síos an creat le haghaidh gníomhaíochtaí amach anseo san Aontas.

Cuireann taithí gach Ballstáit ionchur luachmhar ar fáil le haghaidh idirphlé cuiditheach maidir leis an gcaoi is féidir le hinstitiúidí an Aontais agus na Ballstáit cearta agus comhdheiseanna daoine LADTIA a chur chun cinn agus maidir leis an gcaoi is féidir an t-idirdhealú agus an foréigean i gcoinne na ngrúpaí sin a shárú.

**I bhfianaise an mhéid sin, iarrtar ar na hAirí díospóireacht bheartais a reáchtáil bunaithe ar na ceisteanna seo a leanas:**

1) *Cad a d'fhóin mar dhea-chleachtas éifeachtach sa Bhallstát s'agatsa chun cur i gcoinne an idirdhealaithe agus an fhoréigin i gcoinne daoine LADTIA?*

2) *Cad iad na gníomhaíochtaí breise a d'fhéadfaí a dhéanamh ar leibhéal an Aontais chun a áirithiú go bhféadfaidh daoine LADTIA agus a dteaghlaigh maireachtáil gan bhac gan cheilt, lena n-áirítear thar theorainneacha, saor ón idirdhealú agus ón bhforéigean?*